2024.M105T

2024L568G1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2024

# An Pholaitíocht agus an tSochaí

## Gnáthleibhéal

## Dé Máirt 25 Meitheamh Maidin 9:30 - 12:00

400 marc

**Scrúduimhir** | | | | | |

**Dáta Breithe** | | / | | / | |

Scríobh 3 Feabhra 2005
mar 03 02 05, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2024 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

## Treoracha

Tá trí roinn sa scrúdpháipéar seo. Freagair **gach** roinn.

| | | |
|---|---|---|
| Roinn A | Ceisteanna Gearrfhreagra<br>Freagair **deich** gceist as 20 ceist | 100 marc |
| Roinn B | Ceisteanna bunaithe ar Shonraí<br>Freagair **gach** ceist | 150 marc |
| Roinn C | Aistí Dioscúrsacha<br>Freagair **trí** cheist | 150 marc |

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh sa leabhrán seo. Is féidir go gcaillfidh tú marcanna mura ndéanann tú sin. Ní gá duit an spás go léir a úsáid.

Tá leathanaigh bhreise ar fáil má theastaíonn siad. Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an bpáirt den cheist.

Déanfar an leabhrán scrúdaithe seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Mar sin is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

**Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh. Ná húsáid peann luaidhe.**

| Roinn A | Ceisteanna Gearrfhreagra | 100 marc |
|---|---|---|

Freagair **deich gcinn** de na míreanna: **(a), (b), (c)…** Scríobh na freagraí sna spásanna atá ann dóibh.

**Ceist 1**

**(a)** Déan trácht ar an teachtaireacht san íomhá seo ó CÉINAL (UNICEF) i dtaca le cearta leanaí le linn cogaidh.





https://twitter.com/UNGeneva/status/1489291090205106176

**(b)** An bhfuil sé tábhachtach go vótálfadh daoine i dToghcháin an Aontaigh Eorpaigh? Mínigh do fhreagra.

Tá ☐ Níl ☐

**(c)** Mínigh an difríocht idir leithcheal díreach agus indíreach.

**(d)** Freagair na ceisteanna thíos faoin ngrafaic eolais seo ón bPríomh-Oifig Staidrimh.




**(i)** Ag féachaint duit ar an meánchíos seachtainiúil, an bhfuil sé tar éis éirí níos costasaí nó níos saoire a bheith i do chónaí i dteach in Éirinn? Mínigh do fhreagra.

**(ii)** Bain conclúid **amháin** as na sonraí seo maidir le húinéireacht tithe in Éirinn.

**(iii)** An foinse iontaofa sonraí é an daonáireamh? Mínigh do fhreagra.

Is ea ☐ Ní hea ☐

**(e)** Mínigh an coincheap oideachais 'bancáil' a cheap Freire.




https://paperofphilosophy.blogspot.com/2012/12/paulo-friere.html

**(f)** Ag COP 28 i mí na Nollag 2023, rinneadh comhaontú a chuir 'tús le deireadh' ré na mbreoslaí iontaise. Déan trácht ar seo i dtaca le forbairt inbhuanaithe.

**(g)** Mínigh an difríocht idir sonraí cáilíochtúla agus sonraí cainníochtúla.


**(h)** Cad is brí leis an téarma 'Domhandú'?



https://cepr.org/voxeu/blogs-and-reviews/globalisation-doomed

**(i)** Déan cur síos ar shampla **amháin** sa tsochaí nuair is gá cearta an duine aonair a chur i leataobh chun cearta thromlach na ndaoine a chosaint.

**(j)** An bhfuil sé tábhactach le dlíthe in aghaidh na fuathchainte ar líne a bheith ann?




Tá ☐ Níl ☐

https://ec.europa.eu/newsroom/just/items/54300

**(k)** Mínigh a bhfuil i gceist le tír a bheith 'tearcfhorbartha'.

**(l)** Mínigh ról an Taoisigh in Éirinn.

**(m)** Déan cur síos ar bhealach **amháin** a gcruthaítear féiniúlacht Éireannach ar oileán na hÉireann.

**(n)** Déan cur síos ar bhealach **amháin** a bhféadfadh aicme shóisialta tionchar a imirt ar an saol a chaitheann daoine óga in Éirinn sa lá atá inniu ann.

**(o)** Cad é teachtaireacht na híomhá seo i gcomhthéacs na forbartha inbhuanaithe?


**NÍOR CHÓIR GO gCOSNÓDH FAISEAN AN DOMHAN MÓR**




https://en.vogue.me/fashion/glossary-sustainability-fashion/

**(p)** Mínigh an ról atá ag an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (ECHR).

**(q)** Déan cur síos achomair ar an teachtaireacht pholaitiúil sa chartún seo i dtaca leis na meáin.




https://medium.com/@somavad94/puppet-masters-at-work-c0566d1a0a9e

**(r)** Mínigh an téarma 'patrarcacht' agus tabhair sampla de sa tsochaí sa lá atá inniu ann.

**(s)** De réir liosta bliantúil Chónaidhm Idirnáisiúnta na nIriseoirí de na hiriseoirí a maraíodh, 120 iriseoir a maraíodh in 2023. Cén chonclúid is féidir leat a bhaint as an staitistic sin?

**(t)** Déan trácht ar an teachtaireacht sa chartún seo i dtaca le dáileadh an rachmais.



https://cartoonmovement.com/cartoon/abyss-inequality

## Roinn B — Ceisteanna bunaithe ar Shonraí — 150 marc

Freagair **gach** ceist sa roinn seo. Scríobh na freagraí na spásanna atá ann dóibh.

**Doiciméad A:** *Costas Teacht Slán as 2022: Moltaí le haghaidh Cothroime in Éirinn*, Cumann Naomh Uinseann de Pól.

**AN MÉID A RINNEAMAR IN 2022**

**511**
glao in aghaidh an lae sna chéad trí mhí

**66,246**
dearbhán bia

**9,467**
iarratas ar chúnamh le costais oideachais

**64,923**
iarratas ar chúnamh le linn mhíonna an gheimhridh (Samhain agus Nollaig)

Is é Cumann Naomh Uinseann de Pól (SVP) an eagraíocht charthanachta dheonach is mó in Éirinn. Dírímid ar chur chuige praiticiúil chun dul i ngleic leis an mbochtaineacht, agus an tionchar a bhíonn aici ar dhaoine aonair agus ar theaghlaigh a laghdú tríd an obair duine le duine.

Chomh maith le cúnamh díreach a thabhairt dóibh siúd a bhfuil sé ag teastáil uathu, aire a thabhairt do dhaoine gan dídean, tithíocht shóisialta a chur ar fáil, tithe saoire a reáchtáil agus gníomhaíochtaí tacaíochta sóisialta eile, cuireann an Cumann neamhspleáchas pobail chun cinn, ag cabhrú le daoine cabhrú leo féin.

Tá meas ag an gCumann ar dhínit na ndaoine a bhíonn i dteagmháil linn. Bíonn cabhair agus comhairle ar fáil má iarrtar sin, ach cabhraímid freisin le daoine neamhspleáchas fadtéarmach a bhaint amach i gcomhpháirtíocht atá cairdiúil, iontaofa agus rúnda.

### Cad é fíor-eispéireas daoine atá buailte ag an mbochtaineacht?

- Táim buartha go gclisfidh ar an gcarr nó go mbeidh na páistí tinn. Táim ag guí nach gclisfidh ar an gcuisneoir. Níl an t-airgead agam chun pleanáil do na féidearthachtaí seo. Cad a dhéanfaidh mé? Ní maith liom airgead a fháil ar iasacht.
- Déanaim oiread agus is féidir maidir le pleanáil agus buiséadú. Bím sásta má bhíonn an cíos agus na billí BSL agus bia íoctha. Ba bhreá liom a bheith in ann pleanáil míonna chun tosaigh…ach bíonn sé deacair pleanáil nuair nach mbíonn tú cinnte faoi na rudaí bunúsacha.
- Ní féidir liom smacht a fháil ar rudaí, ní féidir linn pleananna a dhéanamh, braithim go bhfuilimid i bpoll domhain, is cuma cad a dhéanaimid, ní féidir linn teacht amach as. Déanaimid dul chun cinn agus titimid ar ais isteach.
- Bíonn na páistí ag lorg airgid do thurais scoile. Bíonn orainn diúltú dóibh go minic, fiú cúig euro, níl sé againn, cé go mbímid ag buiséadú go cúramach. Bíonn orainn, "Brón orainn, ní féidir linn" a rá… is páistí an-mhaith iad agus is fuath linn go mbraitheann siad go bhfuil siad difriúil.
- Bíonn an saol crua, ní bhím in ann mo chuid billí ar fad a íoc agus bíonn orm cuid acu a chur ar an méar fhada i gcónaí. Bím tinn leis an strus. Bím i gcónaí buartha mar tá a fhios agam go bhfuil mo chuid páistí ar an ngannchuid.

www.svp.ie/wp-content/uploads/2023/12/AR-2022-Official.pdf agus www.svp.ie/end-poverty/key-facts-and-figures/ - Arna chur in oiriúint

**Doiciméad B:** *Tionchar Ghéarchéim na gCostas Maireachtála ar Pháistí, 2023. Achoimre Fheidhmeach,* Barnardos.

Is é príomhaidhm Barnardos ná cabhrú leis na páistí is leochailí sa tsochaí barr a gcumais a bhaint amach beag beann ar chúinsí teaghlaigh, ar inscne, ar chine nó ar mhíchumas – *Toisc go Maireann Blianta na hÓige ar feadh an tSaoil.*

Tá Barnardos buartha go bhfuil níos mó páistí in Éirinn buailte ag an mbochtaineacht mar gheall ar an méadú ar chostais mhaireachtála agus go bhfuil tionchar diúltach á imirt ar a gcuid sláinte, folláine agus forbartha. Tá tuarascáil foilsithe againn ina léirítear an tionchar méadaitheach atá ag ardú sna costais mhaireachtála ar pháistí ar fud na tíre. Leagtar amach inti torthaí ó shuirbhé atá ionadaíoch go náisiúnta ar thuismitheoirí (315) a rinne Amárach Research. San áireamh inti freisin tá tuairimí ó 30 tuismitheoir a bhfuil tacaíocht á fáil acu ó sheirbhísí Barnardos faoi láthair agus a ghlac páirt in agallaimh duine le duine. Rinneadh na hagallaimh agus an suirbhé i mí Aibreáin 2023.

| Le 6 mhí anuas, an raibh ortsa agus ar do pháiste/do pháistí déanamh gan nó gearradh siar ar aon cheann de na rudaí seo a leanas mar gheall ar an méadú ar chostais mhaireachtála? | **Aibreán 2023** | **Aibreán 2022** |
|---|---|---|
| Teas | **37%** | **28%** |
| Leictreachas | **23%** | **23%** |
| Bia | **20%** | **16%** |
| Éadaí | **43%** | **34%** |
| Coinní leighis/cógais/fiaclóir/measúnú | **28%** | **17%** |
| Gníomhaíochtaí sóisialta | **57%** | **50%** |
| Rannpháirtíocht i ngrúpaí/i gclubanna áitiúla spóirt | **20%** | **n/a** |
| Soláthairtí scoile | **12%** | **8%** |
| Turais/gníomhaíochtaí scoile | **23%** | **n/a** |
| Taisteal | **14%** | **10%** |
| Cíos | **5%** | **2%** |
| Níorbh éigean déanamh gan ná gearradh siar ar aon rud | **26%** | **37%** |

| An dóigh leat go bhfuil géarchéim na gcostas maireachtála i ndiaidh tionchar diúltach a bheith aici ar do pháiste? | |
|---|---|
| Tionchar suntasach | 17% |
| Tionchar measartha | 24% |
| Tionchar beag | 32% |
| Gan tionchar ar bith | 25% |
| Ní bhaineann le hábhar | 2% |

Fuarthas amach sa suirbhé freisin go ndúirt beagnach trí cheathrú de na tuismitheoirí (73%) go raibh tionchar diúltach ag an méadú sna costais mhaireachtála ar a gcuid páistí le sé mhí anuas, agus dúirt beagnach beirt as gach deichniúr (17%) go raibh tionchar suntasach aige orthu.

Agus géarchéim na gcostas maireachtála ag leanúint ar aghaidh, tá baol ann go mbeidh níos mó agus níos mó páistí buailte ag an mbochtaineacht agus go gcaithfidh siad tréimhsí níos faide agus faide gan a dhóthain bia, teasa agus leictreachais. Tá sé ríthábhachtach go gcuirfeadh Rialtas na hÉireann polasaithe fadtéarmacha, spriocdhírithe i bhfeidhm láithreach le cinntiú go mbeadh ar a laghad an méid seo a leanas ag gach páiste: go mbeidís ina gcónaí i dtithe ina bhfuil a dhóthain bia agus go mbeadh béilí rialta ar fáil, go mbeadh an lóistín te go leor agus nach mbeadh orthu dul gan leictreachas. (Oiriúnaithe)

**Ceist 2**

**(a)** De réir Dhoiciméad A, cad air a mbíonn Cumann Naomh Uinseann de Pól ag díriú?

| |
|---|
| |
| |

**(b)** Ainmnigh **ceithre** bhealach, de réir Dhoiciméad A, a gcuireann Cumann Naomh Uinseann de Pól cúnamh ar fáil dóibh siúd a bhfuil sé ag teastáil uathu.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |

**(c)** De réir Dhoiciméad B, cad é príomhaidhm Barnardos?

| |
|---|
| |
| |

**(d)** Agus tagairt agat do Dhoiciméad B, cad faoi a bhfuil Barnardos buartha?

| |
|---|
| |
| |

**(e)** Agus an t-eolas sa dá dhoiciméad á úsáid agat, cén chonclúid a bhainfeá as an eolas sin maidir le géarchéim na gcostas maireachtála in Éirinn?

| |
|---|
| |
| |
| |
| |

**Ceist 3**

**(a)** Déan trácht ar chur i láthair na sonraí i nDoiciméad A.

| |
|---|
| |

**(b)** Cén chaoi ar bailíodh na sonraí i nDoiciméad B?

| |
|---|
| |
| |

**(c)** Roghnaigh píosa tábhachtach **amháin** sonraí as Doiciméad B agus déan cur síos ar an mbealach a bhfuil nasc idir é agus eolas a thugtar i nDoiciméad A.

| |
|---|
| |
| |
| |

**(d)** Déan trácht ar na réimsí éagsúla cúnaimh a bhí i gceist leis na hiarratais a ndearna Cumann Naomh Uinseann de Pól freastal orthu in 2022.

| |
|---|
| |
| |

**(e)** Cad is féidir leat a fhoghlaim ón bhfianaise i nDoiciméad A faoi fhíor-eispéireas daoine atá buailte ag an mbochtaineacht?

| |
|---|
| |
| |
| |

**Ceist 4**

**(a)** Déan trácht ar na **trí** réimse is mó inar ghá do thuismitheoirí agus a gcuid páistí déanamh gan nó gearradh siar mar gheall ar an gcostas maireachtála, de réir shonraí an tsuirbhé i nDoiciméad B.

| |
|---|
| |
| |
| |

**(b)** An bhfuil sé tábhachtach guthanna na ndaoine féin atá buailte ag an mbochtaineacht a chur san áireamh, mar a fheictear i nDoiciméad A?

| |
|---|
| |
| |
| |
| |

**(c)** Déan cur síos ar thionscadal saoránachta a d'fhéadfá a dhéanamh bunaithe ar imeacht a eagrú chun cur le feasacht daoine ar cheann de na fadhbanna a léiríodh i nDoiciméad A nó B.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |

**(d)** Tar éis duit anailís a dhéanamh ar an bhfianaise i gceachtar den dá dhoiciméad, cad iad na moltaí a dhéanfá do rialtas na hÉireann maidir polasaithe a bhaineann le cuid de na fadhbanna a luadh?

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |

| Roinn C | Aistí Dioscúrsacha | 150 marc |
|---|---|---|

Freagair **trí** cheist ar bith as na ceisteanna 5, 6, 7, 8, 9 agus 10. Scríobh na freagraí sna spásanna atá ann dóibh.

**Ceist 5** **(50 marc)**

In 2023 rinneadh comóradh ar 75 bliain ó glacadh le Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine (UDHR). Leagadh amach sa doiciméad seo, den chéad uair, cearta daonna bunúsacha atá le cosaint ar fud an domhain.

**An bhfuil Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine (UDHR) riachtanach go fóill i saol an lae inniu?**

Is féidir leat na nithe seo a leanas a lua i do fhreagra:

- Cogadh / fuath / coimhlint
- Gorta / géarchéimeanna daonnúla / géarchéim aeráide
- Comhionannas / imeallaithe
- Bia / dídean / uisce glan
- Saoirse / slándáil / ceartas
- Claontacht / leithcheal
- Smaointeoir tábhachtach e.g. Martha Nussbaum.




www.disputeresolutiongermany.com/2023/12/human-rights-

**Ceist 6** **(50 marc)**

**Déan plé ar thionchar/ról na meán i sochaí an lae inniu.**

Is féidir leat na nithe seo a leanas a lua i do fhreagra:

- Smacht / úinéireacht / gnó
- An nuacht a thuairisciú
- Bréagaisnéis / mífhaisnéis
- Bréagnuacht / claontacht / tuairimí
- An pholaitíocht / daonlathas
- Tionchairí
- Smaointeoir tábhachtach e.g. Noam Chomsky.




www.123rf.com/photo_42883433_digital-media-information-medium-news-concept.html

**Ceist 7** **(50 marc)**



Bhreathnaigh níos mó daoine ar Chorn Domhanda FIFA na mBan in 2023 ná riamh roimhe sin. Mar sin féin, is ann go fóill don neamhionannas inscne.

www.reddit.com/r/Feminism/comments/154w903/female_soccer_players_earn_25_cents_to_the_dollar/

**Déan plé ar an tábhacht a bhaineann le neamhionannas inscne i sochaí an lae inniu.**

Is féidir leat tagairt a dhéanamh do shamplaí idirnáisiúnta, náisiúnta agus áitiúla i do fhreagra agus is féidir leat na nithe seo a leanas a chur san áireamh:

- Patrarcacht
- Róil agus an tsochaí
- Bearna phá idir na hinscní
- Ionadaíocht sa pholaitíocht
- Foréigean ar bhonn inscne
- Smaointeoir tábhachtach e.g. Sylvia Walby.

**Ceist 8** **(50 marc)**

**Déan plé ar ról na heasumhlaíochta sibhialta i ndaonlathas.**



www.ourfuturewevote.com

Is féidir leat na nithe seo a leanas a úsáid i do fhreagra:

- Riail an dlí
- Ról lucht forfheidhmithe dlí (e.g. an Garda Síochána)
- Ceart na hagóide
- Cearta agus dualgais an rialtais
- Na cúiseanna atá le heasumhlaíocht shibhialta
- Slándáil an phobail
- Síocháin / foréigean
- Smaointeoirí tábhachtacha e.g. Thomas Hobbes agus John Locke.

**Ceist 9** **(50 marc)**

**Déan plé ar an bpróiseas cinnteoireachta i scoileanna.**

Is féidir leat na nithe seo a leanas a lua i do fhreagra:

- Samhlacha rannpháirtíochta
- Ról na gcomhpháirtithe / bpáirtithe leasmhara éagsúla
- An tslí a mbíonn scoileanna eagraithe
- An tábhacht a bhaineann le polasaithe
- Cumhacht agus tionchar
- Daonlathas
- Smaointeoir tábhachtach e.g. Kathleen Lynch.

**Ceist 10** **(50 marc)**




https://social.network.europa.eu/@EU_Commission/110747202196443331

De réir shuirbhé de chuid an Aontais Eorpaigh in 2023, creideann 93% de mhuintir na hEorpa gur fadhb thromchúiseach roimh an domhan é an t-athrú aeráide.

**Déan plé ar na gníomhaíochtaí a theastaíonn chun forbairt inbhuanaithe a bhaint amach sa saol comhaimseartha.**

Is féidir leat na nithe seo a leanas a úsáid i do fhreagra:

- Ceannacháin tomhaltóra
- Tomhaltas inbhuanaithe
- Earnáil na tionsclaíochta e.g. mearfhaisean
- Acmhainní in-athnuaite
- An ról atá ag corparáidí
- Comhaontuithe idirnáisiúnta e.g. COP 28
- An ról atá ag rialtais e.g. Plean Gníomhaithe na hÉireann ar son na hAeráide, 2023
- Smaointeoirí tábhachtacha e.g. Vandana Shiva, An tAth. Seán McDonagh.

**Roinn C – Freagra ar Cheist ___**

**Spás chun cabhrú leat do fhreagra a ullmhú más rogha leat é a úsáid.**

**Freagra**

**Roinn C – Freagra ar Cheist ___**

**Spás chun cabhrú leat do fhreagra a ullmhú más rogha leat é a úsáid.**

**Freagra**

**Roinn C – Freagra ar Cheist ___**

**Spás chun cabhrú leat do fhreagra a ullmhú más rogha leat é a úsáid.**

**Freagra**

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Leathanach breise más rogha leat é a úsáid.**

**Cuir in iúl go soiléir uimhir na ceiste agus an pháirt den cheist atá á freagairt.**

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Gnáthleibhéal

# An Pholaitíocht agus an tSochaí

Dé Máirt 25 Meitheamh

Maidin 9:30 - 12:00